Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7466/18**

**AVIATION 52**
**FIN 255**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 7117/18 AVIATION 48 FIN 228 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 18/2017 dar teideal *"Single European Sky: a changed culture but not a single sky"* ["Aerspás Eorpach Aonair: cultúr athraithe ach gan aon aerspás aonair ann'"]<br>– Toradh na n-imeachtaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan deiridh de na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 16 Aibreán 2018.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *"Single European Sky: a changed culture but not a single sky"* ["Aerspás Eorpach Aonair: cultúr athraithe ach gan aon aerspás aonair ann"]

TUGANN AN CHOMHAIRLE

1. DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *"Single European Sky: a changed culture but not a single sky"*, ["Aerspás Eorpach Aonair: cultúr athraithe ach gan aon aerspás aonair ann"] mar aon lena cur chuige oscailte ceisteach i dtaobh cur chun feidhme eilimintí áirithe den tionscnamh Aerspás Eorpach Aonair (SES), tionscnamh de chuid an Aontais, ina measúnaítear cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leo Córas um Bainistíocht Aerthráchta (ATM) Eorpach níos éifeachtaí a chur ar bun.

2. MEABHRAÍTEAR DI glacadh an chéad phacáiste reachtaigh SES in 2004, arna athbhreithniú agus arna mhéadú in 2009 sa dara pacáiste SES, lenar tugadh isteach scéim feidhmíochta, scéim muirearaithe athbhreithnithe, ceanglais maidir le bloic feidhme aerspáis, agus lenar cruthaíodh creat rialála de chuid an Aontais d'fheidhmeanna líonra.

3. MEABHRAÍTEAR DI Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas SESAR, d'fhonn glúin nua den chóras um bainistíocht aerthráchta (ATM) Eorpach a bhunú.

4. MEABHRAÍTEAR DI Straitéis Eitlíochta an Choimisiúin a glacadh ar an 7 Nollaig 2015, go háirithe Caibidil II.2.2 di maidir le *'Completing the Single European Sky'* [An tAerspás Eorpach Aonair a chur i gcrích] ina leagtar béim ar thuairimí an Choimisiúin faoi cé mar is féidir teacht i dtír, trí bhíthin córas lánoptamaithe um bainistíocht aerthráchta don Eoraip, ar an bpoitéinseal a bhaineann leis an eitlíocht.

5. MEABHRAÍTEAR DI seasamh na Comhairle maidir leis an bpacáiste SES II +, a glacadh i mí na Nollag 2014.

6. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mbaineann gné uaillmhianach pholaitiúil leis na Cuspóirí Ardleibhéil atá in SES agus go mbraitheann siad den chuid is mó ar an éabhlóid a thiocfaidh ar chúrsaí aerthráchta san fhadtéarma. Chuige sin, is ceart don Choimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, a áirithiú go ndéantar iad a athbhreithniú de réir na taithí a fuarthas, bunaithe a mhéid is féidir ar fhianaise, agus bunaithe ar chuspóirí sofhála agus inbhuanaithe agus go ndéantar sin a léiriú sna huasdátaithe ar Mháistirphlean ATM.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart díriú go sonrach ar ilroinnt an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (ATM) tráth a mbeidh comhtháthú á dhéanamh de réir a chéile ar sheirbhísí, go háirithe agus sin á dhéanamh trí bhíthin teicneolaíocht nua a eascraíonn as an timthriall cuimsitheach nuála. I gcás ina moltar rogha nua beartais, ba cheart tacaíocht láidir pholaitiúil a bheith ann dá leithéid, bearta dlíthiúla cothroma más gá, mar aon le rannpháirtíocht iomlán ó gheallsealbhóirí sibhialta agus míleata.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá neamhspleáchas agus acmhainneacht na n-údarás náisiúnta maoirseachta agus a bhfeidhmeanna á gcur i gcrích acu faoin bpacáiste reachtach SES. Áirítear ar na feidhmeanna sin maoirseacht cheart a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

9. TACAÍONN SÍ le cuíchóiriú na scéimeanna feidhme agus muirearaithe ionas go laghdófar ualach riaracháin na mBallstát, an Choimisiúin, na n-údarás náisiúnta maoirseachta agus na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go sainítear, i seasamh na Comhairle dar dáta mí na Nollag 2014, freagraí leordhóthanacha ar na saincheisteanna dá dtagraítear i mír 9 agus mír 10.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bunaithe ar chur chuige cuimsitheach agus comhoibritheach, ina mbeidh gach geallsealbhóir páirteach agus ina dtabharfar aird iomlán ar dhálaí áitiúla, is ceart bunú na spriocanna feidhmíochta gona gcritéir mheasúnaithe a bheith agus nach ceart dearmad a dhéanamh ar a riachtanaí atá feidhmiú comhleanúnach an líonra ina iomláine.

12. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart na scéimeanna feidhmíochta a bheith bunaithe ar thacar teoranta táscairí feidhmíochta a oirfidh agus feidhmíocht á faireachán, a bheidh ábhartha d'fheidhmiú an líonra Eorpaigh, agus bunaithe ar an gciall a ceannaíodh san am a caitheadh, go háirithe i dtaca le hacmhainneacht agus costéifeacht. Is ceart iad seo a fhorbairt agus gach geallsealbhóir rannpháirteach sa chúram sin.

13. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá an taighde agus an fhorbairt a dhéantar i dtaca leis an gCóras um Bainistíocht Aerthráchta (ATM) ionas go n-áiritheofar go mbeidh réitigh nuálacha costéifeachtacha oibríochtúla agus teicneolaíocha le fáil san earnáil ATM amach anseo. Is ceart lámh lárnach a bheith ag comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí tráth a mbeidh forbairt, bailíochtú, agus cur chun gníomh pras na réiteach sin á gcothú.

14. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gurb éard is ceart a bheith mar aidhm leis an tacaíocht airgeadais a thugann an tAontas do chúrsaí taighde agus forbartha, ní hé amháin spreagadh a thabhairt i dtaca le réitigh nua gona gcur chun feidhme a fhorbairt trí bhíthin tionscadail chomhchoiteanna, ach freisin, nuair is iomchuí, ilroinnt an chórais um bainistíocht aerthráchta (ATM) Eorpach a laghdú. Ós amhlaidh atá, is ceart an idir-inoibritheacht dhomhanda agus réigiúnach a bheith ina cuspóir, is ceart comhroinnt bonneagair agus seirbhísí a chur chun cinn, is ceart an t-uathoibriú agus an digitiú a scrúdú i dtaca leis an gcóras Eorpach um bainistíocht aerthráchta (ATM) a dhéanamh níos éifeachtaí, agus gan dearmad a dhéanamh ar an ngné dhaonna.

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar gach a bhfuil bainte amach ag SESAR; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféachann SESAR le deiseanna a chur ar fáil lenar féidir bonneagar reatha ATM a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú go comhordaithe ar an leibhéal Eorpach, agus an córas ATM a nuachóiriú agus a chomhchuibhiú bunaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha agus satailíte.

16. AITHNÍONN SÍ go dtugann na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta an deis dúinn ár marana a dhéanamh ar cé mar is féidir a áirithiú go mbeidh ann córas Eorpach um bainistíocht aerthráchta (ATM) a bheidh comhleanúnach, cuíchóirithe, éifeachtach agus éifeachtúil.